- **8ú Nollaig**- *Lá Fhéile giniúint gan Smál na Maighdine Beannaithe Muire.*

Féach L.2 den doiciméad seo

Aidbhint- cuirtear tús leis an mbliain eaglasta: I nGrá Dé Naí Shóis L. 70, Naí Shins L. 85, Rang a 1 L.89, Rang a 2 L. 95, Rang a 3 L.137, Rang a 4 L. 137, Rang a 5 L. 139, Rang a 6 L. 171

- *An Fhéilire Liotúirgeach:* I nGrá Dé Rang a 3 L.128 agus nótaí a sheolfar níos déanaí
- *Rúndiamhara Sólásacha an Phaidrín*: Teachtaireacht an Aingil, Cuairt na Maighdine Muire ar N. Eiliosaibeit: I nGrá Dé: Naí Shins. L. 120, Rang a 1 L.275, Rang a 2, L. 275 Rang a 3, L. 125

- **12ú Nollaig**- *Muire Guadalupe*

I nGrá Dé Rang a 4 L.343

- **13ú Nollaig** – *N. Lúsaí*

I nGrá Dé Rang a 4, L. 150

- **25ú** *Lá Nollag----Breith Íosa*

*I nGrá Dé Naí Shóis L 90, Naí Shins L.100, Rang a 1 L.103, Rang a 2, L.111, Rang a 3, L.144, Rang a 5, L. 156, Rang a 6, L.185

- **26ú Nollaig** - *N. Stiofán*
- **27ú Nollaig-** *N. Eoin, Soiscéalaí*
- **30iú Nollaig** – *An Teaghlach Naofa, Íosa, Muire agus Iosaef*
- *I nGrá Dé* Naí Shóis L.105, Naí Shins. L. 117
- **Urnaí** m.s. Ag beannú bláthfhleasc na hAidbhinte agus na gcoinnle, Urnaí do Theaghlaigh

Lá Fhéile Giniúint gan Smál na Maighdine Beannaithe Muire

8ú Nollaig

- Is Lá Saoire Eaglasta é Lá Fhéile Mhuire Gan Smál. Nuair a bhíodh rudaí mar a bhíodh, ba chóir go ndéanfadh muid chuile iarracht freastal ar an Aifreann ar an lá seo.
- Ar an lá seo ceiliúrann muid an creideamh atá againn go raibh Muire Máthair Dé saor ó pheaca ó rugadh í.

- Ba é N. Joachim a hathair agus N. Anna a máthair. Ba iadsan seantuismitheoirí Íosa.
- Roghnaigh Dia í le bheith ina Máthair ag a Mhac.
- Táimid ábalta guí chuici mar ár Mathair freisin.

- Nuair a thug an tAingeal Gabriel le fios do Mhuire go mbeadh sí mar Mháthair Dé, chuaigh sí ar cuairt láithreach ag a colceathrar Eiliosaibeit a bhí ina cónaí ar an taobh eile den tír chun an dea scéala a inseacht di.

- Bhí Eiliosaibeit agus Zachariah ag súil lena bpáiste féin freisin, Eoin Baiste.

Ainmneacha do Mhuire

Tugtar a lán ainmneacha ar Mhuire. Ina measc tá:
Banrion na bhFlaitheas, Máthair Dé, Sláinte na nEaslán, Banrion na Síochána, Banrion an Phaidrín, Muire Chnoc Mhuire, Muire ró Gheanamnaí, Banrion na hÉireann, Máthair na Trócaire, Cabhair na gCriostaithe.

Paidir:

"A Mhuire, a cumadh gan pheaca, guí ar ár son a bhfuil muinín againn asat.

Gníomhaíocht:

An bhfuil tú in ann focalchuardach a dhéanamh leis na hainmneacha ar fad a thugtar ar Mhuire? Cuir isteach teideal nó dhó de do chuid féin agus iarr ar do chomhpháirtí ranga na focail a aimsiú.

.